Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht

**An Bhruiséil, 9 Feabhra 2022**

**CM 1616/22**

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2022/0013(NLE)**
**2022/0014(NLE)**

**PECHE**

## TEACHTAIREACHT

**AN NÓS IMEACHTA I SCRÍBHINN**

| | |
|---|---|
| Teagmháil: | LIFE.Fisheries@consilium.europa.eu |
| Teil/Facs: | +32.2.281.6083 |
| Ábhar: | 1) Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Oileán Mhuiris a bhaineann le síneadh a chur leis an bPrótacal lena leagtar amach na deiseanna iascaireachta agus an ranníocaíocht airgeadais dá bhforáiltear leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Oileán Mhuiris<br>– Glacadh<br><br>2) Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Oileán Mhuirís a bhaineann le síneadh a chur leis an bPrótacal lena leagtar amach na deiseanna iascaireachta agus an ranníocaíocht airgeadais dá bhforáiltear leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Oileán Mhuirís<br>– Comhaontú i bprionsabal<br>– Iarraidh ar an toiliú ó Pharlaimint na hEorpa chun an téacs a fhormheas<br><br>= AN NÓS IMEACHTA I SCRÍBHINN A THIONSCNAMH |

Ag eascairt as an gcinneadh a rinne Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1) an 9 Feabhra 2022 an nós imeachta i scríbhinn a úsáid, iarrtar oraibh a chur in iúl:

- an aontaíonn sibh le glacadh an Chinnidh thuasluaite ón gComhairle maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach, mar a leagtar amach in 5656/22 é;
- an aontaíonn sibh le comhaontú i bprionsabal i dtaca leis an gCinneadh thuasluaite ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, mar a leagtar amach in 5657/21 é, agus é a chur ar aghaidh, in éineacht le téacs an chomhaontaithe i bhfoirm Malartú Litreacha (5658/22), chuig Parlaimint na hEorpa chun a toiliú a fháil.

**Iarrtar oraibh AONTAÍMID, NÍ AONTAÍMID nó STAONAIMID a thabhairt mar fhreagra.**

Is tráth a fhreagraítear an cheist ba cheart aon ráitis aontaobhacha a dhéanamh, cé is moite de na ráitis aontaobhacha a rinneadh cheana ag Coreper (5666/22 ADD 1).

Ní mór na freagraí a bheith faighte ag Ardrúnaíocht na Comhairle faoi **12:00, Dé hAoine, an 11 Feabhra 2022.** Ba cheart na freagraí a sheoladh le ríomhphost chuig: **LIFE.fisheries@consilium.europa.eu**.